# Ceisteanna Coitianta maidir le Creat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe do dhaoine aonair Eorpacha[1]

## Arna nglacadh an 15 Eanáir

[1] Ba cheart a thuiscint go n-áirítear freisin leis na tagairtí don Aontas Eorpach na trí thír den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nach cuid den Aontas Eorpach iad.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Stair leaganacha

| Leagan | Dáta | Faisnéis faoi ghlacadh |
|---|---|---|
| leagan 1.0 | 16 Iúil 2024 | glacadh na gCeisteanna Coitianta |
| leagan 2.0 | 15 Eanáir 2026 | glacadh an leagain nuashonraithe |

# Clár Ábhar

**1 Cad atá i gCreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe? ............. 3**

**2 Conas a bhainfidh mé tairbhe as Creat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe? ............. 3**

**3 Conas is féidir liom gearán a thaisceadh? ............. 4**

**4 Conas a láimhseálfaidh an t-údarás náisiúnta cosanta sonraí mo ghearán? ............. 5**

4.1 Painéal neamhfhoirmiúil d'údaráis cosanta sonraí san Aontas Eorpach ............. 5

4.2 Tarchur chuig údaráis na Stát Aontaithe ............. 5

# 1 Cad atá i gCreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe?

Is é atá i gCreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe ná sásra féindeimhniúcháin do chuideachtaí sna Stáit Aontaithe. Mheas an Coimisiún Eorpach go bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta ag baint le haistrithe sonraí pearsanta ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig cuideachtaí sna Stáit Aontaithe atá deimhnithe faoin gCreat Príobháideachais Sonraí[2]. Mar thoradh air sin, féadfar sonraí pearsanta a aistriú faoi shaoirse chuig cuideachtaí atá deimhnithe ag na Stáit Aontaithe, gan aon ghá le tuilleadh coimircí a chur i bhfeidhm ná le haon údarú a fháil.

Tá feidhm ag an gCreat Príobháideachais Sonraí maidir le haon chineál sonraí pearsanta a aistrítear ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun críocha tráchtála nó sláinte, mar aon le sonraí acmhainní daonna a bhailítear i gcomhthéacs caidrimh fostaíochta (dá ngairtear "sonraí acmhainní daonna" anseo feasta), fad atá an chuideachta is faighteoir sna Stáit Aontaithe féindeimhnithe faoin gCreat Príobháideachais Sonraí chun na cineálacha sonraí sin a phróiseáil[3].

# 2 Conas a bhainfidh mé tairbhe as Creat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe?

Tá an Creat Príobháideachais Sonraí ag brath ar ghealltanais arna dtabhairt ag cuideachtaí sna Stáit Aontaithe chun prionsabail, rialacha agus oibleagáidí an Chreata maidir le próiseáil sonraí pearsanta de chuid daoine aonair Eorpacha a urramú. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na gealltanais sin, féach na Prionsabail den Chreat Príobháideachais Sonraí[4].

Leis an gCreat Príobháideachais Sonraí, tugtar cearta áirithe duit i gcás gur aistríodh do shonraí pearsanta ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig cuideachta sna Stáit Aontaithe atá féindeimhnithe faoin gCreat. Go háirithe, tá sé de cheart agat faisnéis a fháil faoi aistriú den sórt sin agus faoin gcuspóir atá leis. Tá sé de cheart agat freisin rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, agus aon sonraí atá mícheart nó aon sonraí a láimhseáladh go neamhdhleathach a cheartú nó a scriosadh[5]. Is féidir leat a fhíorú an bhfuil deimhniú bailí ag cuideachta sna Stáit Aontaithe tríd an méid sin a sheiceáil ar Liosta Chreat Príobháideachais Sonraí[6] an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe.

Má bhíonn aon cheisteanna nó aon ábhair imní agat faoin dóigh a bpróiseálann cuideachta atá deimhnithe faoin gCreat Príobháideachais Sonraí do shonraí pearsanta, moltar duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gcuideachta sin, mar chéad chéim.

Más rud é nach réiteoidh an chuideachta d'ábhar imní nó go mbeidh cúiseanna agat gan d'ábhar imní a chur in iúl go díreach don chuideachta, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le haon údarás náisiúnta cosanta sonraí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (údarás náisiúnta cosanta sonraí) agus, go háirithe, an ceann sa tír ina

[2] Ghlac an Coimisiún Eorpach an cinneadh maidir le leordhóthanacht Chreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe an 10 Iúil 2023. Dhear an Coimisiún Eorpach agus Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe an Creat Príobháideachais Sonraí lena chur in ionad Chinneadh (AE) 2016/1250 maidir leis an Sciath Phríobháideachais, rud a dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith neamhbhailí an 16 Iúil 2020 i gCás C-311/18, *An Coimisinéir Cosanta Sonraí v Facebook Ireland Limited agus Maximillian Schrems (Schrems II)*. Tá an cinneadh leordhóthanachta ar fáil anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023D1795

[3] Tabhair faoi deara nach gcumhdaítear sonraí acmhainní daonna le gach féindeimhniú faoin gCreat Príobháideachais Sonraí. Is féidir leat raon feidhme an deimhniúcháin atá ag aon chuideachta ar leith a sheiceáil ar Liosta Chreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe (https://www.dataprivacyframework.gov/list).

[4] https://www.dataprivacyframework.gov/program-articles/Participation-Requirements-Data-Privacy-Framework-(DPF)-Principles

[5] Chun faisnéis níos mine a fháil maidir leis na ráthaíochtaí do na sonraí a aistrítear agus maidir leis na cearta atá agat faoi Chreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe, féach an doiciméad ón gCoimisiún Eorpach dar teideal Ceisteanna Coitianta maidir le Creat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe (https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/qanda_23_3752) (féach, go háirithe, an freagra ar cheist 3).

[6] https://www.dataprivacyframework.gov/list

gcónaíonn tú nó ina n-oibríonn tú nó ónar aistríodh do shonraí pearsanta chuig na Stáit Aontaithe.[7]

# 3 Conas is féidir liom gearán a thaisceadh?

Má chreideann tú gur sháraigh cuideachta sna Stáit Aontaithe na hoibleagáidí atá uirthi, nó na cearta atá agat, faoi Chreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe, beidh roinnt bealaí sásaimh ar fáil duit. Léigh tuilleadh anseo[8] faoi na bealaí inar féidir gearán a chur isteach. Ar Liosta an Chreata Príobháideachais Sonraí[9], is féidir leat faisnéis a fháil faoin nós imeachta gearán agus faoin sásra neamhspleách cúláraigh atá i bhfeidhm do gach cuideachta fhéindeimhnithe[10]. Moltar duit do ghearán a chur in iúl ar dtús don chuideachta ábhartha, sula rachaidh tú i muinín sásra neamhspleách cúláraigh. Ní mór do chuideachtaí freagra a thabhairt ar do ghearán laistigh de 45 lá nádúrtha ón ngearán a fháil.

Féadfaidh tú gearán a thaisceadh i gcónaí go díreach le húdarás náisiúnta cosanta sonraí maidir leis an dóigh a gcomhlíonann cuideachta sna Stáit Aontaithe na Prionsabail den Chreat Príobháideachais Sonraí[11]. Tabhair an oiread mionsonraí agus is féidir don údarás náisiúnta cosanta sonraí maidir leis an ní, ionas go mbeidh d'údarás cosanta sonraí in ann do ghearán a láimhseáil ar an tslí is fearr. Tá foirm ghearáin theimpléadach[12] (atá le húsáid ar bhonn deonach) ar fáil le haghaidh cásanna den sórt sin.

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le d'údarás náisiúnta cosanta sonraí freisin chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na bealaí inar féidir gearán a chur isteach.

Má bhaineann do ghearán le rochtain ar do shonraí pearsanta ag údaráis slándála náisiúnta na Stát Aontaithe, caith súil ar an Nóta Faisnéise ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis an ní[13].

---

[7] Áirítear leis na téarmaí "údarás náisiúnta cosanta sonraí" agus "údarás láimhseála san Aontas Eorpach" údaráis cosanta sonraí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus freisin an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, a ghníomhóidh mar údarás láimhseála san Aontas Eorpach i gcás gurbh í institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a d'aistrigh do shonraí pearsanta chuig na Stáit Aontaithe.

[8] https://www.dataprivacyframework.gov/program-articles/How-to-Submit-a-Complaint-Relating-to-a-Participating-Organization%E2%80%99s-Compliance-with-the-DPF-Principles

[9] https://www.dataprivacyframework.gov/list

[10] Faoi bhun ainm na cuideachta, cliceáil ar "Full Profile" agus téigh go "Dispute Resolution".

[11] Tabhair faoi deara nach bhfuil an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí inniúil chun déileáil le do ghearán agus nár cheart teagmháil a dhéanamh leis ina leith sin.

[12] https://www.edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/other-guidance/eu-us-data-privacy-framework-template-complaint-form-0_en

[13] https://www.edpb.europa.eu/system/files/2024-04/edpb_information-note_dpf-redress-mechanism-national-security-purposes_en.pdf

# 4 Conas a láimhseálfaidh an t-údarás náisiúnta cosanta sonraí mo ghearán?

Is féidir go dtarlóidh roinnt rudaí difriúla tar éis duit gearán a thaisceadh le húdarás náisiúnta cosanta sonraí:

## 4.1 Painéal neamhfhoirmiúil d'údaráis cosanta sonraí san Aontas Eorpach

Más rud é go mbaineann do ghearán le próiseáil sonraí acmhainní daonna[14] a aistríodh chuig cuideachta sna Stáit Aontaithe, nó gur roghnaigh an chuideachta sna Stáit Aontaithe údaráis cosanta sonraí san Aontas Eorpach go deonach mar shásra neamhspleách cúláraigh aici, bunófar painéal neamhfhoirmiúil de roinnt údarás cosanta sonraí san Aontas Eorpach chun an gearán a láimhseáil[15].

Seolfaidh an painéal neamhfhoirmiúil d'údaráis cosanta sonraí san Aontas Eorpach imscrúdú ina mbeidh deis agat féin agus ag an gcuideachta sna Stáit Aontaithe araon tuairimí a chur in iúl. Más gá déanamh amhlaidh chun an cás a réiteach, féadfaidh an painéal neamhfhoirmiúil 'comhairle' a eisiúint, ar comhairle í a bheidh ina ceangal ar an gcuideachta sna Stáit Aontaithe.

## 4.2 Tarchur chuig údaráis na Stát Aontaithe

Más rud é nach mbaineann do ghearán le próiseáil sonraí acmhainní daonna nó nár ghabh an chuideachta sna Stáit Aontaithe uirthi féin comhoibriú leis na húdaráis cosanta sonraí san Aontas Eorpach, ní bheidh an painéal neamhfhoirmiúil d'údaráis cosanta sonraí san Aontas Eorpach inniúil chun an gearán a láimhseáil. Féadfaidh d'údarás náisiúnta cosanta sonraí do ghearán a tharchur ansin chuig údaráis inniúla na Stát Aontaithe, amhail an Coimisiún Feidearálach Trádála, an Oifig um Chosaint Tomhaltóirí Eitlíochta de chuid na Roinne Iompair, nó an Roinn Tráchtála[16].

Ag brath ar imthosca an cháis, féadfaidh an t-údarás náisiúnta cosanta sonraí atá inniúil don onnmhaireoir sonraí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch na cumhachtaí atá aige (amhail aistrithe sonraí a thoirmeasc nó a fhionraí) a fheidhmiú go díreach i leith an onnmhaireora sonraí freisin.

[14] Féach an sainmhíniú ar shonraí acmhainní daonna atá tugtha sa fhreagra ar cheist 1 thuas.
[15] Bunaítear an painéal neamhfhoirmiúil d'údaráis cosanta sonraí san Aontas Eorpach agus feidhmíonn sé i gcomhréir lena Rialacha Nós Imeachta, atá ar fáil anseo: https://www.edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/other-guidance/rules-procedure-informal-panel-eu-dpas-according- eu-0_en
[16] Féach an cinneadh maidir le leordhóthanacht an Chreata Príobháideachais Sonraí, Aithrisí 69 agus 80, agus Iarscríbhinn V, Roinn II.A.